# Conas D'Fhaisnéis Phearsanta a Iarraidh

## Do cheart le teacht ar fhaisnéis

Tá sé de cheart agat cóip a fháil den fhaisnéis atá ar coinneáil i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Tugtar **Iarratas Rochtana ó Dhuine is Ábhar do Shonraí** air. Tá an ceart seo, **ceart na rochtana ag an duine is ábhar do shonraí**, leagtha amach in Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, mar seo a leanas:

Beidh sé de cheart ag an duine is ábhar do shonraí dearbhú a fháil ón rialtóir maidir le cibé acu an bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi á bpróiseáil, agus, i gcás gurb amhlaidh atá, teacht ar na sonraí pearsanta agus ar an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) cad lena aghaidh atá na sonraí á bpróiseáil;

(b) catagóirí na sonraí pearsanta atá i gceist;

(c) na faighteoirí nó catagóirí an fhaighteora dá nochtadh nó dá nochtfar na sonraí pearsanta, go háirithe faighteoirí i dtríú tíortha nó in eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(d) i gcás gurbh fhéidir, an tréimhse a shamhlaítear go stórálfar na sonraí pearsanta lena linn, nó, mura féidir, na critéir a úsáideadh chun an tréimhse sin a chinneadh;

(e) gurb ann don cheart chun iarraidh ar an rialtóir sonraí pearsanta a cheartú nó a scriosadh nó próiseáil sonraí pearsanta, faoin duine is ábhar do na sonraí, a shrianadh nó cur i gcoinne próiseála dá leithéid;

(f) an ceart gearán a chur isteach le húdarás maoirseachta;

(g) i gcás nach mbailítear na sonraí pearsanta ó dhuine is ábhar do na sonraí, aon fhaisnéis dá bhfuil ar fáil maidir le foinse na sonraí;

(h) an ann do chinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, agus, sna cásanna sin ar a laghad, faisnéis a bhfuil brí léi faoin loighic a bhí i gceist, chomh maith le sainbhrí na próiseála agus na hiarmhairtí a shamhlaítear leis don duine is ábhar do na sonraí.

.

# Déan Iarratas Rochtana ó Dhuine is Ábhar do na Sonraí

Chun teacht ar chóip de na sonraí pearsanta atá ar coinneáil ag an gComhairle , i ndáil leat féin, comhlánaigh **Foirm an Iarratais Rochtana ó Dhuine is Ábhar do Shonraí.**

Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe, in éineacht le haitheantas grianghraif (cóip den Cheadúnas Tiomána Éireannach/Ceadúnas Foghlaimeora NÓ cóip de Chárta Seirbhísí Poiblí na hÉireann NÓ cóip de Phas) agus cruthúnas a eisíodh le déanaí faoin seoladh baile i bhfoirm cóipe de Bhille Fóntais, ráiteas bainc, nó de chomhfhreagras oifigiúil amhail a leithéid ó na Coimisinéirí Ioncaim, nó ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, a sheoladh chuig **dpo@cocogaillimh.ie**

Féadfar iarratais a dhéanamh, ar an bpost, tríd an bhfoirm iarratais chomhlánaithe agus aitheantas a sheoladh chuig:

**An tOifigeach um Chosaint Sonraí**
**Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh**

**H91H6KX**

***Tabhar do d'aire nach beidh an Roinn in ann tosú ar d'iarratas a phróiseáil, nó aon fhaisnéis a sholáthar duit faoi do chuid sonraí pearsanta, mura mbíonn an Roinn iomlán sásta maidir le d'aitheantas. Is amhlaidh seo lena chinntiú nach nochtfar sonraí pearsanta don duine mícheart de thimpiste.***

# Cén uair a gheobhaidh tú freagra?

Eiseofar freagairt chugat a luaithe agus is féidir agus faoi cheann aon mhí amháin ón tráth a fhaightear iarratas bailí, ar a dhéanaí.

I gcás go bhfaightear iarratas gan aitheantas infhíoraithe, nó i gcás go bhfuil imní ann maidir le bailíocht an aitheantais, ní chuirfear tús leis an teorainn ama do'fhreagairtí go dtí go bhfíoróidh an Comhairle Chontae aitheantas an duine atá ag déanamh an iarratais.

I gcás go mbíonn iarratais casta nó cuid mhór díobh ann, féadfaidh an Comhairle Chontae síneadh dhá mhí bhreise a chur le tréimhse an chomhlíonta. Más amhlaidh sin, cuirfidh an Chomhairle sin in iúl duit faoi cheann aon mhí amháin ón tráth a fhaightear an t-iarratas, agus míneoidh cén fáth gur gá an síneadh.

## An bhfuil táille i gceist d'Iarratais Rochtana ó Dhuine is Ábhar do Shonraí?

Níl aon chostais ar na hiarratais seo. Ach féadfaidh an Comhairle Chontae 'táille réasúnta' a ghearradh i gcás nach bhfuil forais ar bith le hiarratas nó go mbíonn sé iomarcach ar fad, go háirithe i gcás iarratas athfhillteach. Féadfaidh an Comhairle Chontae táille réasúnta a ghearradh freisin chun iarratais, ar a thuilleadh cóipeanna den fhaisnéis chéanna, a chomhlíonadh. Caithfidh na táillí a bheith bunaithe ar an gcostas riaracháin maidir leis an bhfaisnéis a sholáthar, agus cuirfear sin in iúl duit más infheidhme a leithéid.

## An bhfuil aon fhorais ann le diúltú sonraí pearsanta a scaoileadh?

Tá roinnt foras ag eagraíochtaí le diúltú iarratas rochtana a dheonú.

- I gcás go measfar nach bhfuil forais ar bith le hiarratas nó go bhfuil sé iomarcach ar fad, féadfar é a dhiúltú.
- Tá cúinsí áirithe ann ina bhféadfar do cheart chun do thaifid phearsanta a fheiceáil, a theorannú. Bíonn sin riachtanach chun an chothromaíocht cheart a aimsiú idir cearta an duine, ar láimh amháin, agus roinnt riachtanas tábhachtach a bhaineann le sochaí shibhialta. Mar shampla, tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an rogha do Bhallstáit scóip chearta an duine a shrianadh, trí bheart reachtaíochta, lena n-áirítear ceart na rochtana, i gcás go mbeidh srianadh dá leithéid riachtanach agus iomchuí chun na nithe seo a choimirciú:
  - An tSlándáil Náisiúnta;
  - An Chosaint Náisiúnta;
  - An tSlándáil Phoiblí;
  - Cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh;
  - Cuspóirí an AE maidir le Leas Poiblí nó dlíthe Ballstáit;
  - Imeachtaí breithiúnacha a chosaint;
  - Cásanna sáraithe eiticí a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh;

- Feidhm rialála i dtaca le feidhmiú údaráis oifigiúil;
- Cosaint an duine is ábhar do na sonraí;
- Éilimh faoin dlí sibhialta a fhorfheidhmiú

## Céard is féidir leat a dhéanamh má bhíonn tú míshásta le cinneadh faoi d'iarratas rochtana?

Coinníonn an Comhairle Chontae próiseas gearáin ar bun lena féidir le daoine is ábhar do shonraí dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Oibreoidh an tOifigeach Cosanta Sonraí leis an duine is ábhar do shonraí chun féachaint leis an ngearán a thabhairt chun clabhsúir shásúil don dá pháirtí.

Tá sé de rogha agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí freisin (www.dataprotection.ie).